# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile, etc.

## Roinn 1

## Ceadaigh 20 Ceist @ 3 mharc an ceann = 60 marc

1. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Gaineamhchloch (ii) Carraig dhríodair (iii) I gContae Chorcaí

2. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Lúba (ii) Glár (iii) Hidrileictreach

3. 3 @ 1 mharc an ceann
**A**. Galú **B**. Comhdhlúthú **C**. Frasaíocht

4. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Mall (ii) Dhomhantarraingt (iii) Forscreamh

5. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Háítí (ii) 2011 (iii) Scála Richter/Scála Mercalli/Scála Mercalli Modhnaithe

6. 3 @ 1 mharc an ceann
**C**. Croí Istigh **A**. Screamh **B**. Croí Amuigh

7. 1 @ 3 mharc
1,3,4

8A. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | **2** |
| B | 4 |
| C | 1 |
| D | 3 |

**NÓ**

8B. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | **4** |
| B | 3 |
| C | 1 |
| D | 2 |

9A. 3 @ 1 mharc an ceann
Oibrí monarchan, Grúdaire, Báicéir

**NÓ**

9B. 3 @ 1 mharc an ceann
**A**. Teach scoite **B**. Teach leathscoite **C**. Teach sraithe

10A. 1 @ 3 mharc
Taismhéadar

**NÓ**

10B. 1 @ 3 mharc
Bóireach

11. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Iúil (ii) 20 (iii) 70

12. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Mailí (ii) Íseal (iii) Gaineamhlach an tSahára

13. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Chailliúint (ii) Ísealchríche (iii) Dair

14. 1 @ 3 mharc
1,3,5

15. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 4 |
| B | 1 |
| C | 2 |
| D | **3** |

16. 1 @ 3 mharc
Báisteach chioclónach nó fhronta

17. 1 @ 3 mharc
7.4 km

18. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | **4** |
| C | 1 |
| D | 2 |

19. 1 @ 3 mharc
120 m

20. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Tulra láir (ii) Chúlra láir (iii) Fiar

Comhlánaigh **Greille Mharcála an Fhillteáin** ar chlúdach tosaigh an Fhillteáin agus iontráil **Marc Iomlán an Fhillteáin** ar an **gcúinne uachtarach ar dheis den chéad leathanach** de script an iarrthóra, e.g. **F 46**.

## Roinn 2

## Ceadaigh Trí Cheist @ 30 marc an ceann

**Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS GNÍOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH**

**A. Aolchloch**

(i) Mínigh conas a fhoirmítear carraig aolchloiche.
**Míniúchán amháin ar 6 mharc (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir le daoine úsáid **gheilleagrach** a bhaint as carraigeacha.
**Dhá Chur Síos ar 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**B. Tírdhreach Carstach**

Mínigh, agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, conas a foirmíodh gné faoi thalamh **amháin** ar bith i dtírdhreach carstach.

**Gné ainmnithe @ 1 mharc**
**Léaráid lipéadaithe @ 1 mharc**
**Míniúchán ar fhoirmiú @ 6 mharc (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

*Is féidir marc forbartha amháin a bhronnadh as faisnéis bhreise atá tugtha ar léaráid agus nach bhfuil sa fhreagra scríofa.*
*Is gá marc forbartha amháin a bhronnadh as próiseas.*

(8)

**C. Gníomhaíocht Gheilleagrach - Saothrú Móna**

(i) Déan cur síos ar **dhá** shlí dhifriúla ar chabhraigh an teicneolaíocht le saothrú móna.
**Dhá Chur Síos @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(ii) Mínigh **dhá** chúis go bhfuil an táirgeadh móna ar bhonn tráchtála teoranta i mbratphortaigh.
**Dhá Mhíniúchán @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**

(12)

## Ceist 2. FEACHTAÍ AIGÉIN, UISCIÚ AGUS FAIRSINGIÚ FÁSAIGH

### A. Feachtaí Aigéin

(i) Ainmnigh na feachtaí aigéin lipéadaithe **X** agus lipéadaithe **Y**.
**Dhá Fheacht @ 1 mharc an ceann**

(ii) Mínigh **dhá** iarmhairt atá ag an bhfeacht aigéin **Y** ar aeráid na hÉireann.
**Dhá Mhíniúchán ag 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(10)

### B. Uisciú

(i) Luaigh cad is brí leis an téarma *uisciú*.
**Ráiteas 1 mharc**

(ii) Ainmnigh scéim uiscithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
**Ainm 1 mharc**

(iii) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an scéim uiscithe seo.
**Dhá Mhíniúchán @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*Más neamhbhailí an scéim uiscithe atá ainmnithe, ná bronn ach marcanna Ráitis amháin.*

(10)

### C. Fairsingiú Fásaigh

(i) Mínigh cúis nádúrtha **amháin** agus mínigh cúis dhaonna **amháin** atá le fairsingiú fásaigh.
**Dhá Mhíniúchán ag 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*Ná glac le téamh domhanda ach uair amháin.*

(ii) Déan cur síos ar **dhá** iarmhairt a bhíonn ar fhairsingiú fásaigh.
**Dhá Chur Síos @ 2 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(10)

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Gréasáin Lonnaíochta Nua**

(i) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfaightear poldair.
**Ainm 1 mharc**

(ii) Mínigh cúis **amháin** gur bunaíodh lonnaíochtaí nua ar pholdair.
**Míniúchán amháin ar 3 mharc (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shaintréith a bhaineann le lonnaíochtaí ar pholdair.
**Dhá Chur Síos @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**

(10)

**3B. Athrú Daonra**

Mínigh an tionchar a bhí ag **dhá** cheann de na tosca a leanas ar ráta athraithe an daonra i dtír ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Soláthar bia
- Sláinte
- Cogadh
- Oideachas
- Forbairtí teicneolaíochta
- Ionad na mban sa tsochaí.

**Dhá Mhíniúchán @ 5 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

*Chun leas an iarrthóra, cuirtear 1 mharc forbartha ar a mhéad in áirithe do thír a ainmniú.*
*Dhá thoisc as an tír chéanna is gá a bheith ann.*
*Mura bhfuil tír ainmnithe, ná bronn ach marcanna Ráitis amháin.*

(10)

**3C. Neamhionannas Geilleagrach - Trádáil**

Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann dáileadh an bhrabúis a dhéantar ar tháirgeadh caife agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán den bhrabús ar tháirgeadh caife a théann go dtí lastóirí agus lucht rósta caife?
**Freagra: 55% @ 1 mharc**

(ii) Ríomh **X**, an céatadán den bhrabús ar tháirgeadh caife a théann go dtí na miondíoltóirí.
**Freagra: 25% @ 2 mharc**

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha atá ag trádáil éagórach ar gheilleagair thíortha sa domhan i mbéal forbartha.
**Dhá Mhíniúchán @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(iv) Ainmnigh sampla de thír sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil iarmhairt ag trádáil éagórach uirthi.
**Ainm 1 mharc**

(10)

**3D. Imirce**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'imirce aonair a bhfuil staidéar déanta agat air.
**Ainm 2 mharc**
*Lorg tuiscint ar Imirce Aonair.*

(ii) Mínigh **dhá** thoisc bhrú a bhaineann leis an sampla seo d'imirce aonair.
**Dhá Mhíniúchán @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*Is gá na tosca a bheith ábhartha don sampla atá ainmnithe i gcuid (i).*

(iii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a ndeachaigh an imirce aonair seo i bhfeidhm ar an gceantar a ndeachaigh daoine ar imirce as.
**Cur Síos amháin @ 2 mharc (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**
*Is gá an tslí a bheith ábhartha don sampla atá ainmnithe i gcuid (i).*

(10)

**Ceist 4.** **UIRBIÚ**

**A. Talamhúsáid Uirbeach**

Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** thalamhúsáid uirbeacha éagsúla atá le feiceáil ar an aerfótagraf.
Bain úsáid as fianaise ón aerfótagraf chun tacú le do fhreagra.

**Talamhúsáid Uirbeach 1** **(Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Talamhúsáid Uirbeach 2** **(Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Talamhúsáid Uirbeach 3** **(Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

*Mura bhfuil talamhúsáid ainmnithe nó má tá téarmaíocht mhícheart ann sa fhreagra, ná bronn ach marcanna Ráitis amháin.*

(10)

**B. Fadhbanna Uirbeacha**

(i) Luaigh an bhrí atá le gach ceann de na téarmaí a leanas:

- *Meathlú uirbeach*
- *Sraoilleáil uirbeach.*

**Dhá Ráiteas @ 2 mharc an ceann (Á ngrádú mar seo a leanas: 2/1/0)**

(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb a bhaineann le sraoilleáil uirbeach.
**Dhá Chur Síos @ 3 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**

(10)

**C. Uirbiú sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil dlús ard daonra inti agus a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
**Ainm 2 mharc**

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a thagann chun cinn mar thoradh ar dhlús ard daonra sa chathair sa domhan i mbéal forbartha a ainmníodh i gcuid (i) thuas.
**Dhá mhíniúchán @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

*Mura bhfuil cathair ainmnithe, nó má tá cathair neamhbhailí ainmnithe, sa fhreagra i gcuid (i), ná bronn ach marcanna Ráitis amháin.*

(10)


**Ceist 5.** **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AN tAERFÓTAGRAF**

**A.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an léarscáil.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Cuan Chathair na Mart
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i gCathair na Mart
- An bóthar N59
- An Abhainn Bhuí.




**Ceithre ghné taispeánta agus ainmnithe @ 2 mharc an ceann**

**Cruth agus Treoshuíomh @ 2 mharc (1 + 1)**

(10)

**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a mb'fhéidir go meallfaí turasóirí go dtí an limistéar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, agus fianaise ón léarscáil agat mar thaca le gach cúis.

**Trí Mhíniúchán @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Fianaise 1 + Forbairt 1)**

(12)

**C.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Déan cur síos ar **dhá** shlí a ndéanann an t-údarás áitiúil bainistiú ar thrácht sa bhaile, agus fianaise ón aerfótagraf agat mar thaca le do fhreagra.

**Dhá Chur Síos @ 4 mharc an ceann (Ráiteas 2 + Fianaise 1 + Forbairt 1)**

(8)